

AN “CLEAR THE WAY”.

'S dhá bhfeicfeá sa an “Clear The Way” dhá gléasadh amach dá ríre
'S í dhul go River Georgia cur fearg ar na Ríghte
Dhul thrí chóstaí Shasana di casadh a Long Fleet di
Phlúch sí suas le farraige iad 's tá fearg ar na Ríghte
'S ólfaidh muid a crúiscín 's bíth sé lán

'S a lá údan a sáidheadh í nach ainn abhí an siamsa
Bhí na céudta fear ar meisge ann is iad na sgrathreachaí na timpeall
Ní raibh aithne nach í mí na Bealtaine i lár i dubh Gheimhridh
Nuair a thosuigh an chuach a seinim is í dul síos le Leic na Gaoithe (gCaorach)
'S ólfaidh muid a crúiscín i bí't sé lá

'S ag Shéamuis Liam 's ag Nóra Ní Niadh i nGaillimh tá'n pléigh ráca
Muintir Mhuighinse cruinn na dtimpeall le trí oidhche damsá
Dhul anoir ag Carraig a Róin neartuigh orainn gaoithe
'S gur shuas i muilleán Chárna abhí áitiughadh ag báid Mhaigh Inse
'S ólfaidh muid a crúiscín is bí't sé lán

Tá an Clear The Way go huaigneach is go buadhartha le ráiche
Tá sí cur fuil tsróna le cúmhá i ndiadh a maigistir
Tá a huachtar tosughadh liathachan is a hiochtar gan aon táirne
Is ní nochtóchaidh sí aon fhiacail ar a mbliain seo deanamh aon gháire
'S ólfaidh muid a crúiscín 's bí't sé lán

Tá an Clear The Way 'na hamadán ar oileán aerach Araínn
Na bruthanaí dá bpucáil 's a Commondove dhá cáthadh
Tá an Speedwell lán dhen Eaglais is a deagh fhear dhá stiúradh
Is leigfidh sí Bonaparte as i ngábh anois faoi lúighneas
'S ólfaidh muid a crúiscín i bí't sé lán

(Tá píosa maith eile san amharán ach ní féidir le Micilín cuimniughadh air anois.)